

MEABHRÁN TUISCEANA

idir

**Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh,
na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta de bhun Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2022/869**

agus

an Coimisiún Eorpach

maidir le malartú faisnéise faoi Rialachán (AE) 2022/869

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (an 'Ghníomhaireacht'),

agus

na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta atá freagrach as an bpróiseas deonaithe ceadanna do thionscadail ar liosta an Aontais a éascú agus a chomhordú, de bhun Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2022/869 (na 'hÚdaráis Inniúla Náisiúnta'),

agus

Ard-Stiúrthóireacht Fuinnimh an Choimisiúin Eorpaigh ('AS an Fhuinnimh'),

dá ngairtear 'Rannpháirtí' nó 'Rannpháirtithe' anseo feasta, ag cur san áireamh:

- 1) De bhun Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte do bhonneagar tras-Eorpach fuinnimh ("Rialachán GTE-F"), déanann an Ghníomhaireacht faireachán ar dhul chun cinn tionscadal ar liosta an Aontais, lena n-áirítear, i gcás inar gá, moltaí a dhéanamh chun a gcur chun feidhme a éascú.
- 2) De bhun Airteagal 5(4) de Rialachán GTE-F, cuirfidh tionscnóirí tionscadail tuarascáil bhliantúil faoi bhráid na nÚdarás Náisiúnta Inniúil maidir le gach tionscadal a thagann faoi na catagóirí bonneagair fuinnimh a leagtar amach in Iarscríbhinn II de Rialachán GTE-F. Soláthraíonn an tuarascáil bhliantúil faisnéis de réir bhrí Airteagal 2 den Mheabhrán Tuisceana seo ar an dul chun cinn atá déanta agus, i gcás inarb ábhartha, ar na moilleanna sa chur chun feidhme maidir le próisis deonaithe ceadanna, lena n-áirítear na cúiseanna atá leis na moilleanna.
- 3) De bhun Airteagal 5(5) de Rialachán GTE-F, déanfaidh na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta faireachán ar dhul chun cinn na dtionscadal ar liosta an Aontais ina gcríocha faoi seach agus tíolacfaidh siad tuarascálacha na dtionscnóirí tionscadail arna bhforlónadh le faisnéis faoin dul chun cinn agus, i gcás inarb ábhartha, maidir le moilleanna ar chur chun feidhme na dtionscadal ar liosta an Aontais atá suite ar a gcríoch faoi seach maidir leis na próisis deonaithe ceadanna, agus maidir leis na

cúiseanna atá leis na moilleanna sin (dá ngairtear 'cion na nÚdarás Inniúil Náisiúnta' freisin), chuig an nGníomhaireacht agus chuig na Grúpaí Réigiúnacha ábhartha. Déanfar cion na nÚdarás Inniúil Náisiúnta sa tuarascáil a mharcáil go soiléir amhlaidh agus a dhréachtú gan an téacs a thabharfaidh na tionscnóirí tionscadail isteach a mhodhnú.

- 4) Maidir le hoibleagáid na nÚdarás Inniúil Náisiúnta tuarascálacha bliantúla tionscnóirí tionscadail a chur faoi bhráid an Ghrúpa Réigiúnaigh ábhartha a luaitear in Aithris (3) thuas, féadfaidh AS an Fhuinnimh gníomhú mar sholáthraí seirbhíse chun malartú éifeachtach agus tráthúil tuarascálacha den sórt sin agus aon fhaisnéis eile idir na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta agus na Grúpaí Réigiúnacha ábhartha a éascú.
- 5) De bhun Airteagal 5(6) de Rialachán GTE-F, cuirfidh an Gníomhaireacht faoi bhráid na nGrúpaí Réigiúnacha tuarascáil chomhdhlúite maidir leis na tionscadail ar liosta an Aontais atá faoi réir inniúlacht na n-údarás rialála náisiúnta, ina ndéanfar meastóireacht ar an dul chun cinn a baineadh amach agus ar na hathruithe a bhfuiltear ag súil leo ar chostais tionscadail, agus déanfaidh sé, i gcás inarb iomchuí, moltaí maidir le conas na moilleanna agus na deacrachtaí atá ann a shárú. I gcásanna cuí-réasúnaithe, féadfaidh an Gníomhaireacht faisnéis bhreise is gá chun a cúraimí a chomhlíonadh a iarraidh freisin.
- 6) Dá réir sin, soláthróidh an Gníomhaireacht agus na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta tuarascálacha faireacháin ar thionscadail ar liosta an Aontais atá bunaithe ar chomhthiomsú faisnéise comhchosúil arna soláthar ag tionscnóirí tionscadail.
- 7) Chun cost-éifeachtúlacht an phróisis faireacháin do na Rannpháirtithe a fheabhsú, beidh tionscnóirí tionscadal ar liosta an Aontais in ann faisnéis a sholáthar trí uirlis TF aonair arna bainistiú ag an nGníomhaireacht, trína malartaítear faisnéis leis na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta.
- 8) Ba cheart go gcuirfeadh na rialacha maidir le malartú faisnéise dá bhforáiltear sa Mheabhrán Tuisceana seo ar chumas na Rannpháirtithe a gcúraimí a chur i gcrích ar bhealach éifeachtach, comhordaithe agus comhsheasmhach, ag féachaint don fhaisnéis is cothroime le dáta agus do rúndacht, sláine agus cosaint na faisnéise sin, lena n-áirítear sonraí pearsanta.
- 9) Ba cheart don mheicníocht malartaithe faisnéise a bheith solúbtha ionas gur féidir leis éabhlóid a dhéanamh le himeacht ama trí leanúint de na Rialacháin is infheidhme a chomhlíonadh, ag cur san áireamh imthosca athraitheacha i dtimpeallacht na dtionscadal ar chur chun feidhme liosta an Aontais, athruithe reachtacha nó an taithí a fuarthas ar fhaireachán a chur chun feidhme,

Cinneadh a bheith déanta go comhpháirteach maidir le modúlachtaí áirithe ó thaobh malartú faisnéise faoi Rialachán (AE) 2022/869, mar a leanas:

Airteagal 1

Cuspóir

1. Is é cuspóir an Mheabhráin Tuisceana seo creat a bhunú faoinar féidir: i) tionscnóirí tionscadal a chumasú chun tuarascálacha bliantúla a sholáthar do na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta, de bhun Airteagal 5(4) de Rialachán GTE-F, trí ardán amháin; ii) is é is aidhm don ardán aonair deis a thabhairt do na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta faisnéis a mhalartú leis an nGníomhaireacht agus le AS an Fhuinnimh chun éifeachtúlacht chomhlíonadh a n-oibleagáidí de bhun Airteagal 5(3) agus Airteagal 5(5) de Rialachán GTE-F.

Airteagal 2

Sainmhínte

Chun críche an Mheabhráin Tuisceana seo, tá an bhrí seo a leanas ag na téarmaí seo a leanas:

1. Ciallaíonn 'Údaráis Inniúla Náisiúnta' na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta arna sainaithint ag gach Ballstát mar Údaráis Inniúla mar údaráis atá freagrach as próiseas deonaithe ceadanna na dtionscadal ar liosta an Aontais de réir bhrí Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2022/869 a éascú agus a chomhordú;
2. Ciallaíonn 'faisnéis' an fhaisnéis atá sa tuarascáil bhliantúil agus aon leasuithe nó soiléirithe uirthi ina dhiaidh sin, a chuireann tionscnóirí tionscadal ar liosta an Aontais faoi bhráid na nÚdarás Náisiúnta Inniúil de bhun Airteagal 5(4) de Rialachán GTE-F, chomh maith le faisnéis atá in ábhar arna gcur isteach ag na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta de bhun Airteagal 5(5) de Rialachán GTE-F. D'fhéadfadh go mbeadh na nithe seo a leanas go háirithe san fhaisnéis seo:
 - a) tréithe ginearálta an tionscadail, amhail ainm agus sonraí teagmhála thionscnóir an tionscadail, láithreáin ghréasáin an tionscadail, cur síos ar an tionscadal, lena n-áirítear na sonraí teicniúla, oibríochtúla agus riaracháin uile, agus nuashonruithe ar dhearadh an tionscadail;
 - b) faisnéis maidir le maoiniú agus láimhseáil rialála na dtionscadal, lena n-áirítear iarrataí ar chistí poiblí, díolúintí, leithdháileadh costas trasteorann agus/nó dreasachtaí rialála a bhaineann go sonrach le tionscadail, agus toradh na n-iarrataí sin;
 - c) mionsonraí a bhaineann le costais ionchasacha an tionscadail, lena n-áirítear, *inter alia*, costais infheistíochta tionscadail (CAPEX), caiteachas

oibriúcháin agus a n-athruithe measta, chomh maith le hathruithe ar mheastacháin roimhe seo;

- d) sonraí a bhaineann leis an méadú ar chumas aistrithe (i gcás inarb ábhartha) agus na tairbhí a bhfuiltear ag súil leo, lena n-áirítear na sonraí faoi na staidéir a rinneadh chun iad a ríomh, an méid a chuir an tionscadal leis na cuspóirí a leagtar síos i Rialachán GTE-F, luach airgeadaíthe na dtairbhí a léirítear sa tionscadal, faisnéis a bhaineann leis na tairbhí sa tír óstála agus na tairbhí atá réamh-mheasta do Bhallstáit aonair eile;
 - e) an dul chun cinn i gcur chun feidhme an tionscadail, lena n-áirítear cur síos ar na hoibreacha a rinneadh, faisnéis faoi chomhaontuithe idir-rialtasacha gaolmhara, cuimsiú an tionscadail sa phlean forbartha náisiúnta ábhartha nó in ionstraimí pleanála eile agus an chúis atá le haon easpa cuimsithe, an stádas reatha agus na cúiseanna le haon mhoill, athsceidealú, deacrachtaí nó cealú agus sceideal mionsonraithe cur chun feidhme a thaispeánann garspriocanna an tionscadail, chomh maith leis na spriocdhátaí atá beartaithe roimhe seo agus faoi láthair;
 - f) na bearta a rinne nó a bheartaigh tionscnóir an tionscadail a dhéanamh chun na moilleanna agus na deacrachtaí a bhí ann a sháru;
3. Ciallaíonn 'malartú' faisnéis a tharchur idir na Rannpháirtithe tríd an uirlis TF arna bainistiú ag an nGníomhaireacht nó trí mhodhanna eile nach mbaineann ach leis na tionscadail sin ar liosta an Aontais atá suite, go páirteach ar a laghad, i mBallstát na nÚdarás Inniúil Náisiúnta;
 4. Ciallaíonn "uirlis TF" an t-ardán a bhunaíonn agus a bhainistíonn an Ghníomhaireacht chun comhlíonadh tionscnóirí tionscadal ar liosta an Aontais maidir le hoibleagáid tuairiscithe de bhun Airteagal 5(4) de Rialachán GTE-F a éascú do na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta, mar a chomh maith le comhlíonadh oibleagáidí na nÚdarás Inniúil Náisiúnta i leith na Gníomhaireachta agus na nGrúpaí Réigiúnacha de bhun Airteagal 5(5) den Rialachán céanna.

Airteagal 3

Malartú faisnéise

1. Chinn na Rannpháirtithe go comhpháirteach gur féidir an oibleagáid faisnéis a tharchur de bhun Airteagal 5(4) agus Airteagal 5(5) de Rialachán GTE-F a chomhlíonadh trí rochtain dhíreach ar an bhfaisnéis a sholáthar tríd an uirlis TF.
2. Bailíonn agus tarchuireann na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta chuig an nGníomhaireacht, tríd an uirlis TF, an fhaisnéis a chuimsítear i dtuarascálacha bliantúla na dtionscnóirí tionscadail laistigh den spriocdháta a leagtar amach in Airteagal 5(5) de Rialachán GTE-F.

3. Soláthraíonn na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta a gcion le tuarascálacha thionscnóirí na dtionscadal ar liosta an Aontais trí na modhanna céanna a luaitear i bpointe 2 agus i gcomhréir leis na téarmaí agus an spriocdháta dá bhforáiltear in Airteagal 5(5) de Rialachán GTE-F.
4. I gcás ina ndéanann tionscnóirí tionscadail a dtuarascáil bhliantúil a chur isteach tríd an uirlis TF, comhaontaíonn na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta rochtain dhíreach a thabhairt don Ghníomhaireacht ar an tuarascáil bhliantúil tríd an uirlis TF an tráth céanna a fhaigheann siad í. Déanfar cion na nÚdarás Inniúil Náisiúnta a chur isteach ina dhiaidh sin tríd an uirlis TF agus de bhun an spriocdháta agus na nósanna imeachta a bhunaítear in Airteagal 5(5) de Rialachán GTE-F.
5. Soláthraíonn na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta rochtain dhíreach ar an bhfaisnéis do AS an Fhuinnimh tríd an uirlis TF; tá sé beartaithe ag AS an Fhuinnimh gníomhú mar sholáthraí seirbhíse chun an fhaisnéis a fháil, lena n-áirítear cion na nÚdarás Inniúil Náisiúnta, agus iad sin a tharchur chuig an nGrúpa Réigiúnach ábhartha, lena gcumasófar do na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta a n-oibleagáid tuairiscithe a chomhlíonadh de bhun Airteagal 5(5) de Rialachán GTE-F ar bhealach tráthúil agus éifeachtúil.
6. Úsáideann AS an Fhuinnimh an fhaisnéis a fuarthas de bhun Rialachán GTE-F agus an Mheabhráin Tuisceana seo chun malartú éifeachtúil agus tráthúil ar thuarascálacha bliantúla agus ar chion na nÚdarás Inniúil Náisiúnta a chumasú idir na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta agus na Grúpaí Réigiúnacha ábhartha, lena gcinntítear cur chun feidhme fhorálacha Airteagal 5 de Rialachán GTE-F.

Airteagal 4

Eisiamh Dlíteanais

1. Cinntíonn an Ghníomhaireacht dea-fheidhmiú na huirlise TF, ach ní féidir í a chur faoi dhliteanas ar chor ar bith d'aon duine nó d'aon eintiteas as aon chaillteanas nó damáiste díreach nó indíreach a eascraíonn as úsáid na huirlise TF, as a hinneachar nó as a neamh-infhaighteacht. I gcás mífheidhmithe, comhoibreoidh an Ghníomhaireacht chun a chinntiú go ndéanfar a huirlisí TF a athbhunú go dtí a ngnáthfheidhmiú a luaithe is féidir agus go ndéanfar on sonraí a cailleadh a aisghabháil a mhéid is féidir go teicniúil. Ní bhaineann eisiamh dlíteanais de bhun Airteagal 4(3) den Mheabhrán Tuisceana seo le dliteanas a eascraíonn as oibleagáidí a bhunaítear le forálacha reachtacha.
2. Níl aon fhreagracht ar an gCoimisiún Eorpach, ná ar AS an Fhuinnimh as feidhmiú cuí na huirlise TF agus ní féidir iad a chur faoi dhliteanas i leith aon chaillteanais nó damáiste díreach nó indíreach a eascraíonn as úsáid na huirlise TF, as a hinneachar nó as a neamh-infhaighteacht.
3. Níl aon fhreagracht ar aon cheann de na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta as feidhmiú cuí na huirlise TF agus ní féidir leo a bheith faoi dhliteanas i leith aon

chailteanais nó damáiste díreach nó indíreach a eascraíonn as úsáid na huirlise TF ag úsáideoirí eile, lena n-áirítear a hinneachar, nó as a neamh-infhaighteacht.

4. Ní bheidh an Ghníomhaireacht, AS an Fhuinnimh ná an Coimisiún Eorpach faoi dhliteanas maidir le cruinneas agus/nó bailíocht na faisnéise. I gcás ina ndéanfaidh tionscnóirí tionscadail a dtuarascáil bhliantúil a chur isteach tríd an uirlis TF, mar a thuairiscítear in Airteagal 3(4) den Mheabhrán Tuisceana seo, ní bheidh na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta ábhartha faoi dhliteanas maidir le cruinneas agus/nó bailíocht na faisnéise atá ann.
5. Má thagann aon Rannpháirtí ar an eolas go bhfuil aon fhaisnéis a mhalartaítear faoin Meabhrán Tuisceana seo míchruinn, táthar ag súil go gcuirfidh sé na Rannpháirtithe eile ar an eolas i scríbhinn gan mhoill.

Airteagal 5

Cosaint agus rúndacht faisnéise

1. Táthar ag súil go gcaomhnóidh na Rannpháirtithe rúndacht faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de.
2. Táthar ag súil go mbeidh meicníochtaí i bhfeidhm ag na Rannpháirtithe chun sláine agus cosaint na faisnéise a fhaightear a chinntiú. Más rud é go léiríonn aon chuid den fhaisnéis a fhaightear faisnéis rúnda nó rúin ghnó, má chuireann úinéirí na faisnéise faoi seach in iúl amhlaidh, féachfaidh na Rannpháirtithe le meicníochtaí a bheith i bhfeidhm chun an rúndacht sin a chinntiú.
3. Cinnteoidh na Rannpháirtithe cosaint sonraí pearsanta i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme ina ndlínse, Rialachán (AE) 2016/679¹ agus Rialachán (AE) 2018/1725².
4. Fanann na Rannpháirtithe freagrach go hiomlán as a n-úsáid agus/nó as an bhfaisnéis a fuarthas nó a cuireadh isteach a nochtadh.

Airteagal 6

Foilsiú

¹ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), IO L 119, 4.5.2016, Ich. 1.

² Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, IO L 295, 21.11.2018, Ich. 39.

Aontaíonn na Rannpháirtithe an Meabhrán Tuisceana seo a chur ar fáil go poiblí.

Airteagal 7

Cumarsáid

1. Mura gcomhaontófar a mhalairt idir na Rannpháirtithe, ba cheart cumarsáidí faoin Meabhrán Tuisceana seo a dhéanamh i mBéarla.
2. Tá sé beartaithe ag gach Rannpháirtí pointe teagmhála a ainmniú chun cumarsáid a éascú ar aon ábhar a bhaineann le cur i bhfeidhm an Mheabhráin Tuisceana seo.
3. Ainmneoidh an Ghníomhaireacht teagmhálaí do gach ábhar a bhaineann le húsáid agus le feidhmiúlachtaí na huirlise TF.

Airteagal 8

Síniú, teacht i bhfeidhm agus foirceannadh

1. Féadfaidh na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta ar mian leo a bheith ina Rannpháirtithe sa Mheabhrán Tuisceana seo déanamh amhlaidh trí larscríbhinn A atá faoi iamh anseo a shíniú.
2. Cuirfear tús leis an gcomhoibriú atá leagtha amach sa Mheabhrán Tuisceana seo tar éis 90 lá ón tráth a shíneoidh an Ghníomhaireacht agus AS an Fhuinnimh é agus tar éis don Ghníomhaireacht liosta larscríbhinn A a fháil agus é sínithe ag ar a laghad 12 Údarás Inniúil Náisiúnta.
3. Cuirtear an Meabhrán Tuisceana seo i gcrích ar feadh tréimhse neamhtheoranta ama agus féadfaidh na Rannpháirtithe é a scor ag am ar bith. Táthar ag súil go gcuirfidh rannpháirtithe a bhfuil sé ar intinn acu scor den chomhar na Rannpháirtithe eile ar an eolas i scríbhinn. De réir réamhshocrú, tagann scor i bhfeidhm 90 lá tar éis do na Rannpháirtithe an comhaontú scríofa a shíniú.

Féadfaidh an Ghníomhaireacht scor go haontaobhach den chomhoibriú faoin Meabhrán Tuisceana seo i gcás dodhéanta d'aon chineál ar a taobh féin feidhmiú na hUirlise TF thar am a chinntiú. I gcás den sórt sin, cuirfidh an Ghníomhaireacht na Rannpháirtithe eile ar an eolas faoin gcás dodhéanta a luaithe is féidir tar éis dó tarlú.

4. Beidh aon leasú ar an Meabhrán Tuisceana seo faoi réir comhaontú roimh ré idir na Rannpháirtithe agus déanfar é i scríbhinn.

5. Scoirfear den Mheabhrán Tuisceana idir an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh agus na hÚdaráis Inniúla de bhun Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) Uimh. 347/2013, lena leagtar síos , socruithe riaracháin maidir le malartú faisnéise faoi Rialachán (AE) Uimh. /2013, dar dáta an 22 Nollaig 2015, ar éag don fhógra scríofa 90 lá roimh ré, i gcomhréir le téarmaí Airteagal 9(2) den Mheabhrán Tuisceana céanna.

Sínithe ar Iúil 2024

Christian Pilgaard Zinglensen
Stiúrthóir
Gníomhaireacht an Aontais
Eorpaigh um Chomhar idir
Rialálaithe Fuinnimh (ACER)

Ditte Juul Jørgensen
Ard-Stiúrthóir
AS an Fhuinnimh, Coimisiún na
hEorpa

Iarscríbhinn A

Dearbhú ar an MEABHRÁN TUISCEANA

**idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh,
na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta de bhun Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2022/869
agus an Coimisiún Eorpach maidir le malartú faisnéise faoi Rialachán (AE)
2022/869**

I mo cháil mar (*Post laistigh den Údarás Inniúil Náisiúnta*) dearbhaím leis
seo go dtéann (*Ainm an Údaráis Inniúil Náisiúnta:*)..... isteach sa
Mheabhrán Tuisceana idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir
Rialálaithe Fuinnimh, na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta de bhun Airteagal 8(1) de Rialachán
(AE) 2022/869 agus an Coimisiún Eorpach maidir le malartú faisnéise faoi Rialachán (AE)
) 2022/869 amhail (Dáta sínithe:).....

Arna dhéanamh ag _____ ar _____

Síniú _____